

# Creat Foghlama Digití

## Ceistneoir Féinmheasúnaithe Ceannaireachta

**Caighdeán 1.1: Cultúr an fheabhsaithe, an chomhoibrithe, na nuálaíochta agus na cruthaitheachta san fhoghlaim, teagasc agus measúnú a chur chun cinn.**

- 1. Cuirim cultúr ina spreagtar nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim agus sa teagasc chun cinn go gníomhach. (Rogha - Aontaím go láidir, Aontaím, Nílím cinnte, Easaontaím, Easaontaím go láidir)**
- 2. Tacaím le baill foirne agus iad ag dul san fhiontar agus ag triail uirlisí nua digiteacha nó cuir chuige nua dhigiteacha. (Tacaím/Ní Thacaím)**
- 3. Cuirim deiseanna comhoibríocha ar fáil i leith phleanáil agus chomhroinnt chleachtais foghlama digití, mar aon le deiseanna comhoibríocha chun machnamh a dhéanamh ar na cleachtais sin. (Cuirim/Ní chuirim)**
- 4. I bhfís ár scoile, tugtar aird fhollasach ar nuálaíocht dhigiteach mar chuid den fhoghlaim agus den teagasc. (Tugtar/Ní thugtar)**
- 5. Aithním agus déanaim ceiliúradh ar iarrachtaí foirne an chruthaitheacht dhigiteach a thabhairt isteach sa seomra ranga. (Rogha - I gcónaí, Go minic, Uaireanta, Go hannamh, Riamh)**
- 6. Téim i gcomhairle le baill foirne chun tionchar na gcleachtais digiteach ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc a mheas. (Téim/Ní théim)**
- 7. Déanaim machnamh rialta ar an gcaoi a n-imríonn cinntí ceannaireachta tionchar ar an bhfoghlaim dhigiteach agus ar an nuálaíocht sa scoil. (Déanaim/Ní dhéanaim)**

